Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 25

# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mé an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus ar íocaíocht deontas áirithe.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Tá barrachas €0.13 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas sa chás seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar feabhsúcháin ar áitreabh léasach ar ráta 5% in aghaidh na bliana ar bhonn na líne dírí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Tugtar faoin bhfreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Stiúrthóir an Choimisiúin. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú go leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhíse comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialúcháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá Coiste Airgeadais ann a chabhraíonn leis an gCoimisiún a fhreagrachtaí a chomhlíonadh trí mhaoirseacht a sholáthar i leith impleachtaí airgeadais ghníomhaíochtaí an Choimisiúin.

**Rialuithe riaracháin agus bainistiú**

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht bainistithe sinsearach faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta an lucht bainistithe sinsearach ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid
- córas bainistithe riosca ag oibriú laistigh den Choimisiún
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí faoi rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail

**Fáil Phoiblí**

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte cé is moite de shé shocrú soláthair dar luach €597,417 a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002.

- dhá chás a raibh caiteachas iomlán €396,137 ag baint leo, ina bhfuair an conraitheoir le haghaidh fheistiú áitreabh nua an Choimisiúin troscán, feistis agus trealamh ar son an Choimisiúin trí bhíthin luachana iomaíocha gan é a chur ar tairiscint.
- trí chás a raibh caiteachas iomlán €170,877 ag baint leo, ina bhfuarthas seirbhísí go háitiúil trí bhíthin luachana iomaíocha gan iad a chur ar tairiscint, lena n-áirítear seirbhísí sealadacha dar luach €125,995 nach meastar a tharlóidh arís sa todhchaí.
- cás amháin a raibh caiteachas €30,403 ag baint leis, inar leanadh ar aghaidh le conradh a bhí ann cheana féin le haghaidh tacaíocht agus cothabháil TFC ar feitheamh straitéis TFC a chur i gcrích, a mbeidh soláthar seirbhísí tacaíochta TFC ina chuid de dá éis.

***Iniúchadh Inmheánach, agus Coiste Iniúchta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil foireann ar cuireadh an oiliúint chuí orthu, agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn a cheadaigh mé. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún nochta dóibh mar bhonn agus taca d'obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, a cheadaímse, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Laurence Bond**

Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

21 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an gcuntas san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus de réir na mbeartas agus na bprionsabal caighdeánach cuntasaíochta le haghaidh cuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Cuntasaíochta***

De réir Alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866, ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, caithfear an cuntas a chur faoi mo bhráid faoin 31 Márta i ndiaidh dheireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as maoin agus cistí poiblí faoina smacht a chosaint, as éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin sa Choimisiúin agus as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart ar fad sa chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Ceanglaítear orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa na Vótaí ar fad agus chun tabhairt faoi pé tástálacha a mheasaim a bheith cuí chun críche an iniúchta.

Nuair a chuirtear iniúchadh ar chuntas leithreasa i gcrích, tá dualgas orm teastas a sholáthar a luann an gcuireann an cuntas, i mo thuairimse, na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta i láthair i gceart. Ceanglaítear orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha

- inar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a taifeadadh sa chuntas a chur i bhfeidhm chun na críche dár beartaíodh na leithreasaí a rinne an tOireachtas, nó
- nuair nach dtagann na hidirbhearta a thaifeadtar sa chuntas leis an údarás faoina maítear ar tugadh fúthu.

Faoi Alt 3(10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm tuairisc a ullmhú gach bliain ar aon ábhar a eascraíonn as na hiniúchtaí ar na cuntais leithreasa nó scrúduithe ar rialuithe cuntasaíochta.

***Raon feidhme an iniúchta***

Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méid agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá sa chuntas agus measúnú ar ar comhlíonadh na forálacha cuntasaíochta sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Baineann iniúchadh le dóthain fianaise a fháil chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim freisin le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Nuair atá an tuairim iniúchta á cinneadh, déantar measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, cuireann an cuntas leithreasa i láthair i gceart fáltais agus caiteachas Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

Fuair mé an fhaisnéis ar fad agus gach míniú a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. I mo thuairimse, choinnigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas taifid dhóthanacha cuntasaíochta. Tá an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm i 2016.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2017

# Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
## Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,306 | 6,208 | 3,954 |
| | **Ollchaiteachas** | **6,306** | **6,208** | **3,954** |
| | *Bain as* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **116** | **153** | **222** |
| | **Glanchaiteachas** | **6,190** | **6,055** | **3,732** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le géilleadh | 134,747 | 2,457,959 |

**Anailís ar an gcaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 3,213 | 2,113 | 1,763 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 80 | 69 | 68 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,527 | 1,308 | 1,033 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 122 | 47 | 36 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 165 | 346 | 196 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,100 | 2,042 | 696 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 99 | 283 | 162 |
| | | 6,306 | 6,208 | 3,954 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 2,113 | 1,763 |
| Neamhphá | | 4,095 | 2,191 |
| **Ollchaiteachas** | | **6,208** | **3,954** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **153** | **222** |
| **Glanchaiteachas** | | **6,055** | **3,732** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Breiseanna | (1,534) | | |
| Diúscairtí | 11 | | |
| Dímheas | 135 | | |
| | | **(1,388)** | **245** |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | **90** | **53** |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **4,757** | **4,030** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 4 | 34 |
| **Glanchostas cláir** | | **4,761** | **4,064** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 25 a íocadh as cistí eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 33 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | 4 | 1 |
| | 4 | 34 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 1,649 | 255 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 946 | 241 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | — | 374 |
| Réamhíocaíochtaí | | 155 | 150 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 10 | 9 |
| Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste | 2.6 | — | 325 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **1,111** | **1,099** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 126 | 347 |
| Ioncam iarchurtha | | 1 | 342 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 906 | 113 |
| Glanmhaoiniú dlite don Státchiste | 2.6 | 50 | — |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **1,083** | **802** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **28** | **297** |
| **Glansócmhainní** | | **1,677** | **552** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **1,677** | **552** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | Nóta | €000 | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Glansócmhainní amhail an 1 Eanáir | | | 552 | 850 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,190 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (135) | | |
| Glanvóta | | | 6,055 | 3,732 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 4 | 34 |
| Coigeartú | | | 6 | — |
| Maoiniú deontais roimh an gcorprú | 6.2 | | (179) | — |
| Glanchostas cláir | | | (4,761) | (4,064) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **1,677** | **552** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Feabhsúcháin ar Áitreabh | Troscán agus feistis | Trealamh TF agus oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 222 | 4 | 76 | 302 |
| Coigeartú* | — | — | 9 | 9 |
| Breiseanna | 1,088 | 323 | 123 | 1,534 |
| Diúscairtí | (8) | (4) | (18) | (30) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | 1,302 | 323 | 190 | 1,815 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | 11 | 1 | 35 | 47 |
| Coigeartú* | — | — | 3 | 3 |
| Diúscairtí | — | (1) | (18) | (19) |
| Dímheas don bhliain | 65 | 32 | 38 | 135 |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2016 | 76 | 32 | 58 | 166 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,226** | **291** | **132** | **1,649** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **211** | **3** | **41** | **255** |

*Tugadh faoi chleachtadh clibeála sócmhainní i mí Eanáir 2017 a shainaithin roinnt sócmhainní a ceannaíodh i 2014 agus i 2015 ar cheart a chaipitliú.

| **2.3 Banc agus Airgead** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead an Phámháistir Ghinearálta | 77 | (190) |
| Cuntais bainc tráchtála | 869 | 431 |
| | 946 | 241 |

**2.4 Gluaiseacht in Ioncam Fabhraithe**

Ag eascairt as an mbaint a bhí ag an gCoimisiún le Clár Oibríochtúil Chiste Sóisialta na hEorpa um Infheistíocht Chaipitil Dhaonna 2007-2013, d'aithin an Coimisiún €374,160 mar infháltas amhail deireadh 2015.

I mí an Mheithimh 2016, chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, mar Údarás Bainistíochta, éileamh deiridh i leith an Chláir Oibríochtúil isteach, nár áirigh tionscadail an Choimisiúin. D'uasmhéadaigh tionscadail eile san éileamh tarraingt anuas mhaoiniú Chiste Sóisialta na hEorpa don Státchiste don Chlár iomlán, agus dá bhrí sin ní eascródh tarraingt anuas eile cistí as tionscadail bhreise.

Dá bhrí sin, níl an méid a tugadh ar aghaidh (€374,000) infhaighte ag an gCoimisiún níos mó. Iarradh cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an t-iarmhéid sin a dhí-aithint in 2016, agus fuarthas é.

| **2.5 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 39 | 36 |
| Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta | 30 | 31 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 24 | 29 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 9 | (4) |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 10 | 12 |
| Cáin Bhreisluacha | — | 3 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | — | 4 |
| | 112 | 111 |
| Asbhaintí párolla coinnithe i bhfionraí | 3 | 1 |
| Iarmhéideanna tionscadail | 612 | 1 |
| Maoiniú roimh an gcorprú inaisíoctha leis an Státchiste | 179 | — |
| | 906 | 113 |

| **2.6 Glanmhaoiniú dlite don / (ón) Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (85) | (2,783) |
| Barrachas le géilleadh | 135 | 2,458 |
| Glanmhaoiniú dlite don/(ón) Státchiste | 50 | (325) |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 946 | (190) |
| Iarmhéideanna dochair | 10 | 9 |
| | 956 | (181) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (112) | (111) |
| Iarmhéideanna sochair | (615) | (2) |
| Maoiniú deontais roimh an gcorprú | (179) | (31) |
| | (906) | (144) |
| | 50 | (325) |

**2.7 Ceangaltais**

| amhail an 31 Nollaig | **2016**<br>**€000** | **2015**<br>**€000** |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí* | 2,095 | 2,124 |
| Cláir deontas | 80 | — |
| Dlí agus tionscadail eile | 605 | — |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | 2,780 | 2,124 |

*Is ionann ceangaltas an léasa áitribh agus €261,818 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

**2.8 Dliteanais Aibithe**

| amhail an 31 Nollaig | **2016**<br>**€000** | **2015**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 3 | 36 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírchinn

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 3,213 | 2,113 | 1,763 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 3,093 | 4,095 | 2,191 |
| | | 6,306 | 6,208 | 3,954 |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €0.1 milliún níos ísle ná mar ar foráladh dó. Laistigh den toradh, ba mar seo a leanas a bhí na hathrúcháin shuntasacha:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,100 | Tá an pá €1.1 milliún níos lú ná an réamh-mheastachán a soláthraíodh. Tharla sé sin go príomha mar nár bhain an Coimisiún a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán, 48 nduine, amach in 2016. Bhí 33 chomhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún ag tús na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 41 chomhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún. Beartaítear feachtais earcaíochta le haghaidh 2017. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016 €1 mhilliún a athdháileadh ó chaiteachas pá go caiteachas neamhphá. |
| Riarachán – neamhphá | (1,002) | Tá an caiteachas neamhphá €1 mhilliún níos mó ná an réamh-mheastachán a soláthraíodh. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar chaiteachas ardaithe an fheistithe d'áitreabh an Choimisiúin ar Shráid na Faiche i bhfotheideal vi speansais áitreabh oifige. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016 €1 mhilliún a athdháileadh ó chaiteachas pá go caiteachas neamhphá. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. Fáltais ó asbhaintí a bhain le pinsin as luach saothair seirbhíse poiblí | 116 | 96 | 106 |
| 2. Maoiniú seachtrach | — | 51 | 114 |
| 3. Aisíocaíochtaí taistil Eorpaigh | — | 6 | 2 |
| Iomlán | 116 | 153 | 222 |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 41 | 33 |

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,907 | 1,591 |
| Liúntais | 11 | 12 |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC fostóra | 195 | 160 |
| **Pá iomlán** | **2,113** | **1,763** |

**5.1 Íocaíochtaí liúntais**

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is mó** | **Íocaíocht aonair is mó** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2016** | **2015** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais | 1 | 1 | 10,914 | 8,497 |

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais dhlíthiúla

Tá cás, atá á mhaoiniú ag an gCoimisiún, á achomharc faoi láthair leis an gCúirt Uachtarach. Rinneadh foráil sa chlár comhardaithe maidir le costais dhlíthiúla an Choimisiúin a mheastar a bheidh le híoc. Ní dhearnadh foráil sna Ráitis Airgeadais maidir le costais dhlíthiúla an pháirtí eile.

### 6.2 Maoiniú roimh an gcorprú agus fáltais neamhvótáilte eile

Agus aistriú chuig córas cuntas leithreasa bunaithe ar airgead ar bun, d'athbhreithnigh an Coimisiún iarmhéideanna i roinnt tionscadail abhcóideachta, taighde agus feachtais cuir chun cinn a bhain tairbhe as maoiniú daonchairdiúil.

Dá bharr sin, aithníodh iarmhéideanna tionscadail ar sochar fionraí agus léirítear na hiarmhéideanna bainc comhfhreagracha i Nóta 2.3. Ní dhearnadh athrangú ar fhigiúirí comparáideacha.

Shainaithin an t-athbhreithniú maoiniú deontais Stáit roimh an gcorprú dar luach €179,000 nár caitheadh agus atá inaisíoctha leis an Státchiste.